

Téarmaí agus Coinníollacha

Mar chuid de Chlár Éire Ildánach 2022, tugann Comhairle Cathrach na Gaillimhe cuireadh d'iarraíais ar chistiú dár dTionscadail de chuid Chlár Éire Ildánach.

Tá dhá Chatagóir de chistiú ar fáil a shonraítear thíos:

Catagóir 1:

Micreaspásanna Cruthaitheacha Pobail nó Poiblí a Fhorbairt. Oibreacha ar scála beag le rannpháirtíocht níos mó i measc pobal sa chruthaitheacht a chumasú.

Catagóir 2:

- a. Tionscadail Phobal Cruthaitheach a dhíríonn ar Rannpháirtíocht lucht féachana/pobal nua.**
- b. Tionscadail luaineachta Eorpacha.**
- c. Cur le stádas uathúil dátheangach na Gaillimhe chun an úsáid a bhaintear as an nGaeilge i nGaillimh a neartú.**

Is í fíís Éire Ildánach go mbeidh an deis ag gach duine a chónaíonn in Éirinn a gcumas cruthaitheach a bhaint amach go hiomlán. Tugtar faoin bhfís seo a fhíorú trí Chúig Chólún Chlár Éire Ildánach.

Colún 1: Cumas Cruthaitheach gach Linbh a Chumasú

Colún 2: An Chruthaitheacht a Chumasú i ngach Pobal

Colún 3: Infheistiú inár mBonneagar Cruthaitheach agus Cultúrtha

Colún 4: Na Tionscail Chruthaitheacha: Ionad Sármhaitheasa i Léiriú Meán a bheith in Éirinn

Colún 5: Ár gCáil Dhomhanda a Aontú

Cathair bheoga éagsúil í Gaillimh. Cathair foghlama í, cathair óige í, cathair í ina bhfuil oidhreacht shaibhir chultúrtha agus ina bhfuil timpeallacht nádúrtha dhochreidte. Cathair chruthaitheach í Gaillimh ina léirítear meas ar gach duine. Tá mar chuspóir ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe Gaillimh a shuíomh mar chathair nuálaíochta agus chruthaitheachta den chéad scoth. Is mian linn cathair a chruthú ina mbíonn daoine ag dréim le cónaí inti, le hoibriú inti agus le cuairt a thabhairt uirthi. Déanann Plean Straitéiseach Éire Ildánach Chathair na Gaillimhe ár bhfís do Chathair na Gaillimhe a threorú.

Baineann an tosaíocht a leagtar amach do ghairm ar chistiú Éire Ildánach 2022 go sonrach leis an dá chatagóir a shainaithnítear thuas agus caithfidh gach iarraitas a léiriú go soláthraítear tionscadail ó Chatagóir 1 nó 2, nó ón dá chatagóir.

Caithfear **ceann amháin nó níos mó** de na 8 gcuspóir straitéiseacha a shainaithnítear i bPlean Straitéiseach Éire Ildánach Chathair na Gaillimhe 2018-2022 a léiriú i dtionscadail; féach thíos:

Micreaspásanna Cruthaitheacha

Ár spásanna poiblí a Athbheochan agus a athghiniúint agus feabhas a chur ar nascacht phobal leis an timpeallacht thógtha agus le spásanna poiblí.

Tionscadail luaineachta Eorpacha

Tionscadail luaineachta Eorpacha, cónaitheachtaí idirnáisiúnta, teacht ar limistéir shármhaitheasa ealaíonta agus cláir mhalartaithe coimeádaíochta d'ealaíontóirí agus d'oibrithe cultúrtha a shainaithint agus tacú leo.

Ealaíontóirí/Lucht na nEalaíon a chur i bpáirtíocht leis an tionscal/campais ilnáisiúnta

Cur leis an gcleachtas ina ndéantar ealaíontóirí/lucht na n-ealaíon a chur i bpáirtíocht le campais tionscail/ilnáisiúnta chun tairbhí an chleachtais chomhoibrithigh a chur chun cinn.

Rannpháirtíocht i líonraí idirnáisiúnta comhoibrithe

Beartais agus cláir a fhorbairt a cheadaíonn daoine atá gníomhach in earnáil chultúrtha na Gaillimhe, páirt a ghlacadh i líonraí idirnáisiúnta comhoibrithe.

Idirchaidreamh a fheabhsú

Idirchaidreamh a fheabhsú leis an bpobal trí níos mó próisis chomhairliúcháin oscailte agus éifeachtacha.

An Ghaeilge i nGaillimh

Cur le stádas uathúil dátheangach na Gaillimhe chun an úsáid a bhaintear as an nGaeilge i nGaillimh a neartú.

Sláinte agus Folláine

Cláir forbartha acmhainní a fhorbairt leis an earnáil chruthaitheach le haghaidh seirbhísí sóisialta agus

oibrithe sláinte eile a fheabhsaíonn sláinte agus folláine i measc na foirne agus na n-úsáideoirí seirbhíse. Tionscnamh stiúrtha sláinte agus cultúir a fhorbairt, ar bhonn píolótach, le FSS áitiúil agus náisiúnta.

Próisis Chultúrtha na Cosmhuintire agus nuálaíocht shóisialta

Beartais a fhorbairt a chinntíonn teacht ar eolas saor in aisce agus iolraíoch, chomh maith le bearta a chinntíonn go sathraítear eolas chun 'cearta chun páirt a ghlacadh sa bheatha chultúrtha' atá ag saoránaigh a chur chun cinn. Córas a chur i bhfeidhm a chinntíonn go ndéantar an caidreamh agus an toradh idir próisis chultúrtha na cosmhuintire agus nuálaíocht shóisialta a anailísiú go rialta.

Gearrliostú

A luaithe a dhúnfar an spriocdháta d'iarratais, déanfar gach iarratas a mheas in aghaidh na sraithe critéar seo a leanas:

- Caithfidh gach iarratas a léiriú go soláthraítear tionscadail in aghaidh na gcuspóirí a leagtar amach i gCatagóir 1 nó 2, nó sa dá chatagóir.
- Ní bhronnfar ach 1 dheontas in aghaidh an ghrúpa/na heagraíochta
- Tabharfar tús áite i gcatagóir 1 do spásanna micreachruthaitheachta a chruthú i bhfoirgnimh nach foirgnimh phríomhshrutha iad (spásanna poiblí/saoráidí pobail/oifigí poiblí/ionaid siopadóireachta)
- Caithfidh teacht saor in aisce a bheith ag an bpobal ar an spás cruthaitheachta.
- A mhéid agus a shásaíonn tograí na cuspóirí a dtugtar cuntas orthu thuas.
- Caithfear cruthúnas a sholáthar gur féidir le grúpa an iarratasóra an tionscadal a bheartaítear a fhorbairt agus a sholáthar.
- Caithfear cruthúnas a sholáthar i dtaobh shaineolas agus thaithí na gcleachtóirí cruthaitheacha/cultúrtha atá bainteach i ngrúpa an iarratasóra.
- Indéantacht an bhuiséid – caithfidh buiséid a bheith réalaíoch agus caithfear bheith in ann gníomhaíochtaí a bheartaítear a sholáthar laistigh den bhuiséad. Cé nach bhfuil cistiú meaitseála riachtanach d'iarratasóirí, cuirfimid fáilte roimh thograí ar bronnadh roinnt cistiú meaitseála orthu.
- Ní féidir le haon chistiú poiblí eile a bheith á fháil ag tionscadail a lorgaíonn cistiú tríd an aighneacht seo don tionscadal/chlár a bheartaítear.
- Tá gach tionscadal le bheith críochnaithe faoin 31 Nollaig 2022.
- Caithfear an cháipéisíocht go léir a sheoladh ar aghaidh chuig cande@galwaycity.ie faoin 28 Deireadh Fómhair 2022.
- Caithfidh gurb aonán dlíthiúil iad comhlachtaí iarratasóra a bhfuil a gcuntas féin bainc agus a ndeimhniúchán imréitigh cánach féin acu.
- Beidh ar thionscadail a chuirtear ar an ngearrliosta fianaise a sholáthar go bhfuil an t-árachas cuí acu agus chun Comhairle Cathrach na Gaillimhe a shlánú.

Is gnách go mbeidh an tsuim a bhronntar ar aon tionscadal amháin idir €1,000 agus €5,000, is féidir le Comhairle Cathrach na Gaillimhe breithniú a dhéanamh ar shuimeanna de bhreis ar €5,000 i gcás tionscadal a thugann faoi roinnt cuspóirí a bhaint amach. Braithfidh caighdeán agus luach na ndámhachtainí ar an gcistiú atá ar fáil, ar líon na n-iarratasóirí agus ar chaighdeán iarratas.